Feidhm: Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi shuíomh (taobh amuigh)
Bileoga: 12.1, 12.2, 12.3 agus 12.4

- Scaip **Bileog 12.1**. Léigh tríd na treoracha faoi Chuid A ar dtús agus abair leo Cuid A a dhéanamh.
- Pléigh thusa na focail leis an rang ansin le bheith cinnte go bhfuil an chiall cheart agus fuaimniú ceart acu.
- Cuid B: Tá ar na foghlaimeoirí na bearnaí a líonadh sna habairtí leis na focail ó Chuid A. Tá na habairtí bunaithe ar an léarscáil.
- Ceartaigh na habairtí leis an rang iomlán.
- Déan druil (más féidir) leis an rang ag úsáid an fhoirgnimh ina bhfuil sibh anois. Mar shampla:

    - Cá bhfuil an leithreas?
    - In aice leis an oifig.

- Do Chuid C cuir gach beirt ag cumadh a gcuid abairtí féin agus ansin éist leis na habairtí éagsúla a bheidh cumtha acu.

- Cuir gach beirt ag obair le chéile. Bíodh cóip déanta agat de **Bileog 12.2** do leath an ranga agus cóip déanta de **Bileog 12.3** don leath eile.
- Tabhair **Bileog 12.2** do dhuine amháin i ngach péire agus **Bileog 12.3** don duine eile.
- Abair leo áit a roghnú leis an charr a pháirceáil agus gan a mbileoga a thaispeáint don duine atá ag obair leo.
- Cuirfidh duine amháin den bheirt ceisteanna ar an duine eile le fáil amach cá bhfuil an carr. Caithfidh an duine eile freagraí a thabhairt ag úsáid 'Tá/Níl' amháin. Ciallaíonn sin go gcaithfidh siad úsáid a bhaint as an struchtúr *An bhfuil?* leis na ceisteanna a chumadh. Mar shampla:

    - An bhfuil do charr trasna ón scoil?
    - Níl.
    - An bhfuil do charr in aice leis an séipéal?
    - Tá.

- Bí cinnte go dtuigeann na foghlaimeoirí conas na ceisteanna a chur (féach na samplaí thuas).
- Cuid B: Tá ar na foghlaimeoirí cúpla abairt a scríobh faoin áit a bhfuil a gcarranna páirceáilte.
- Iarr ar chúpla duine sa rang cá bhfuil a gcarranna páirceáilte.

- Scaip **Bileog 12.4**. Léigh tríd na treoracha faoi Chuid A agus mínigh dóibh go mbeidh siad ag éisteacht leis an téip.
- Cuir an téip ar siúl faoi dhó. Caithfidh na foghlaimeoirí X a chur san áit ar an léarscáil ina bhfuil an carr páirceáilte bunaithe ar an mhéid a chloiseann siad ar an téip.

- Abair leo labhairt leis an duine in aice leo le feiceáil ar bhreac siad síos an áit chéanna le léiriú cá bhfuil an carr páirceáilte.
- Cuid B: Iarr ar gach beirt an méid a chuala siad ar an téip a scríobh síos.

Feidhm: Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi shuíomh (taobh istigh)
Bileoga: 12.5, 12.6, 12.7 agus 12.8

- Scaip **Bileog 12.5** ar na foghlaimeoirí. Mínigh na rialacha a bhaineann leis an tuiseal tabharthach faoi Chuid A. Dul siar atá i gceist anseo. Mínigh nach dtagann athrú ar bith ar na litreacha nach bhfuil sa liosta. Mínigh dóibh nach ndéantar aon athrú ar ghuta i ndiaidh *ar an*, *ag an*, etc.
- Téigh siar ar na rialacha difriúla a bhaineann leis na canúintí éagsúla.
- Cuid B: Iarr ar na foghlaimeoirí canúint a roghnú agus na focail atá idir lúibíní a athrú más gá. Ceartaigh an ghníomhaíocht nuair a bheidh siad críochnaithe.

Freagraí:

1. Tá na heochracha ar an mbord/ar an bhord.
2. Tá siad in aice leis an doras.
3. Tá na spéaclaí faoin tábla.
4. Tá mo ghloine ar an tseilf.
5. Tá an peann faoin nuachtán.
6. Tá siad faoin chathaoir/faoin gcathaoir.
7. Tá sé ina shuí in aice leis an fhuinneog/leis an bhfuinneog.
8. Tá an leabhar ar an teilifíseán

- Scaip **Bileog 12.6** ar na foghlaimeoirí agus cuir gach beirt ag obair le chéile.
- Iarr orthu féachaint ar an phictiúr faoi Chuid A agus liosta a dhéanamh de na rudaí ar fad a fheiceann siad sa phictiúr.
- Ba cheart go ndéanfadh siad beirt dhá cholún ina gcóipleabhair. Colún amháin do na focail atá ar eolas acu agus colún eile do na focail nach bhfuil ar eolas acu.
- Nuair atá an dá liosta déanta amach acu iarr orthu na focail nach raibh ar eolas acu a aimsiú san fhoclóir nó ó dhaoine eile sa rang.
- Téigh siar ar an stór focal ar fad:

balla/ballaí	urlár	tolg	cúisín	pictiúr
cuirtíní	lampa	vása	crúiscín	doras gloine

- Cuid B: Abair le gach beirt ceisteanna a chur ar a chéile faoin áit a bhfuil na rudaí éagsúla sa phictiúr. Abair leo na ceisteanna samplacha a úsáid le cuidiú leo.
- I ndiaidh tamaill cuir thusa ceisteanna ar dhaoine éagsúla sa rang cá bhfuil na rudaí éagsúla. Mar shampla:

- Cá bhfuil an hata?
- Tá sé ar an chathaoir.

- Cuir gach beirt ag obair le chéile. Bíodh cóip déanta agat de **Bileog 12.7** do leath an ranga agus cóip déanta de **Bileog 12.8** don leath eile.
- Tabhair **Bileog 12.7** do dhuine amháin i ngach péire agus **Bileog 12.8** don duine eile.
- Mínigh dóibh gur 'aimsigh na difríochtaí' atá ann agus nár cheart dóibh na bileoga a thaispeáint dá chéile.
- Abair leo go bhfuil seacht ndifríocht ann agus mínigh chomh maith gur difríochtaí an-bheag atá idir na pictiúir – caithfidh siad dul domhain go leor leis na ceisteanna!
- Cuirfidh gach beirt ceisteanna ar a chéile ar nós na gceisteanna atá sa bhosca ar dheis agus bainfidh siad úsáid as an stór focal sa bhosca ar chlé le cuidiú leo chomh maith.
- Sula gcuireann tú ceist ar an rang faoi na difríochtaí scríobh an abairt seo ar an chlár dubh sa dóigh is go mbeidh an struchtúr ceart acu leis na difríochtaí a insint duit:

  Tá dhá chnaipe ar an chófra i mo phictiúrsa agus níl sa phictiúr eile.

- Nuair atá seacht ndifríocht faighte acu cuir ceist ar dhaoine éagsúla sa rang cad iad.

Freagraí:

1. Tá dhá chnaipe ar an chófra i mo phictiúrsa agus níl sa phictiúr eile.
2. Tá *s*,*p* agus *t* scríofa ar na searróga i mo phictiúrsa agus níl sa phictiúr eile.
3. Tá muince ar an bhean i mo phictiúrsa agus níl sa phictiúr eile.
4. Tá stríocaí breise ar an gheansaí atá ar an bhean i mo phictiúrsa agus níl sa phictiúr eile.
5. Tá stríocaí ar an gheansaí atá ar an chailín i mo phictiúrsa agus níl sa phictiúr eile.
6. Tá poll i lámh an phota i mo phictiúrsa agus níl sa phictiúr eile.
7. Tá ceithre chnaipe ar an sorn i mo phictiúrsa agus tá dhá cheann sa phictiúr eile.

Feidhm: Ag cur ceiste cá bhfuil duine agus ag freagairt na ceiste sin
Bileoga: 12.9, 12.10 agus 12.11

- Scaip **Bileog 12.9** agus cuir gach beirt ag obair le chéile.
- Cuid A: Abair leo a bheith ag obair ina mbeirteanna leis na focail sa cholún ar chlé a cheangal leis na focail ar dheis. Cuir ceist ar an rang cad é an difríocht idir na focail a cheangail siad le chéile.

- Léigh na treoracha faoi Chuid B. Beidh gach beirt ag obair le chéile arís leis na focail a chur faoi na teidil chearta **Suíomh** nó **Gluaiseacht**.
- Ceartaigh an ghníomhaíocht ansin leis an rang agus bí cinnte go dtuigeann siad an difríocht idir na focail agus cén uair a úsáidtear iad.
- Cuid C: Tabhair seans dóibh cúpla abairt bheag a scríobh anseo. Mar shampla:

    A. Tá Seán istigh san oifig.
    B. Tá Daidí amuigh sa ghairdín.
    C. Tá Nuala ag rith suas an staighre.
    D. Tá Ultan agus Clár istigh sa halla.

- Téigh siar ar na habairtí a bhí ag an rang iomlán.

- Scaip **Bileog 12.10** agus cuir gach beirt ag obair le chéile.
- Cuid A: Tabhair seans do na foghlaimeoirí na habairtí agus focail faoi Chuid A a léamh os ard dá chéile.
- Bí thusa thart le cuidiú le deacracht ar bith a bheadh acu ó thaobh fuaimniú de a réiteach.
- Cuid B. Abair leo a bheith ag obair le chéile leis na bearnaí a líonadh sna habairtí leis na focail faoi Chuid A.
- Nuair atá na bearnaí líonta acu cuir an téip ar siúl faoi dhó agus tabhair seans dóibh an ghníomhaíocht a cheartú.
- Cuir an téip ar siúl dóibh arís más mian leo é.

- Scaip **Bileog 12.11**. Tabhair cúpla bomaite dóibh leis na ceisteanna faoi Chuid A a léamh. Léigh thusa na treoracha agus na ceisteanna leo le bheith cinnte go dtuigeann siad gach rud.
- Cuir an téip ar siúl ansin agus tabhair seans dóibh na freagraí do Chuid A a fháil. Pléigh na freagraí ansin leis an rang ar fad.
- Cuid B. Abair leo a bheith ag obair le chéile leis na bearnaí a líonadh sna habairtí leis na focail ó **Bileog 12.10**.
- Nuair atá na bearnaí líonta acu cuir an téip ar siúl uair amháin eile agus tabhair seans dóibh a gcuid oibre a cheartú.
- Cuir an téip ar siúl dóibh arís más mian leo é.

Feidhm: **Ag cur ceiste ar dhuine cá háit an bhfuil an leithreas, nó seomraí eile, agus ag freagairt na ceiste sin**
Bileoga: **12.12 agus 12.13**

- Scaip **Bileog 12.12**. Léigh tríd na treoracha faoi Chuid A ar dtús agus abair leo Cuid A a dhéanamh. Bí cinnte go dtuigeann siad na treoracha go maith.
- Mínigh dóibh gur dul siar é seo ar leibhéal A1.
- Nuair atá siad críochnaithe scríobh gach seomra ar an chlár dubh le bheith cinnte go bhfuil an litriú ceart agus an fuaimniú ceart ag gach duine.

- Cuid B: Léigh tríd na habairtí faoi Chuid B leis an rang ar fad.
- Nuair atá tú cinnte go dtuigeann na foghlaimeoirí gach rud cuir gach beirt ag obair le chéile.
- Abair leo sealanna a ghlacadh ceisteanna a chur ar an duine eile cá háit a bhfuil na seomraí éagsúla sa teach.
- I ndiaidh dóibh cleachtadh maith a dhéanamh ar seo cuir thusa ceist ar dhaoine éagsúla sa rang cá hait a bhfuil na seomraí éagsúla.

- Scaip **Bileog 12.13** ar na foghlaimeoirí. Sula gcuireann tú gach beirt ag obair le chéile bí cinnte go bhfuil siad in ann *gabh amach* nó *téigh amach* a rá.
- Cuid A: Abair leo **Bileog 12.12** a úsáid le cuidiú leo na treoracha a thabhairt.
- Cuir thusa ceist ar chúpla duine sa rang cá háit a bhfuil na leithris.
- Cuid B: Ansin iarr ar na foghlaimeoirí machnamh a dhéanamh ar an áit a bhfuil seomraí éagsúla ina dteach féin agus iad a phlé leis an duine in aice leo.
- I ndiaidh dóibh seal cainte a dhéanamh cuir thusa ceist ar chúpla duine cá háit a bhfuil na seomraí éagsúla ina dteach féin.
- Cuid C: Abair leis na foghlaimeoirí Cuid C a léamh agus nuair atá sé léite acu cuir ceist ar chúpla duine sa rang cad é ábhar an ailt.
- Léigh thusa an píosa ansin leis an rang ar fad agus bí cinnte go dtuigeann gach duine brí na bhfocal sa phíosa.
- Léigh na ceisteanna leis an rang ar fad agus bí cinnte go dtuigeann siad iad.
- Cuir an téip ar siúl ansin faoi dhó agus tabhair seans do na foghlaimeoirí na freagraí a aimsiú agus iad a phlé leis an duine in aice leo.
- Cuir an téip ar siúl arís más mian leo é.

Feidhm: **Ag lorg agus ag tabhairt treoracha**
Bileoga: **12.14, 12.15 agus 12.16**

- Scaip **Bileog 12.14**.
- Cuid A: Mínigh dóibh go gcaithfidh siad smaoineamh ar fhocail/fhrásaí eile cosúil leis na focail/frásaí eile sna boscaí. Seo thíos samplaí breise.

Cá bhfuil → → an t-ollmhargadh, an banc, an t-ospidéal, an bhialann, an scoil, an teach, an siopa, tábhairne, an ollscoil, Oifig an Phoist ?

Téigh, Tiontaigh, Gabh, Imigh, Siúil, Tiomáin

Suas, Amach, Síos, Isteach

An tsráid, An chearnóg, An bóthar, An pháirc, An baile

- Nuair atá focail eile faighte acu déan plé leis an rang iomlán ar na focail ar fad agus scríobh gach rud ar an chlár dubh.
- Cuid B: Léigh tríd na treoracha anseo agus bí cinnte go dtuigeann siad cad é atá le déanamh acu.

Freagraí:

Modh Ordaitheach:	Glas
Ainmfhocail:	Corcra
Dobhriathar:	Oráiste

- Déan plé leis an rang ar na téarmaí gramadaí le bheith cinnte go dtuigeann siad cad is brí leo.
- Ansin iarr orthu abairtí a chur le chéile bunaithe ar na focail sna boscaí éagsúla agus focail eile dá gcuid féin i.e. *cá bhfuil an séipéal? téigh amach an doras, tiontaigh ar chlé, téigh díreach ar aghaidh, siúil suas an tsráid* etc.
- Nuair a bheidh siad críochnaithe éist le cuid de na habairtí a bheidh cumtha acu.

- Cuir gach beirt ag obair le chéile. Bíodh cóip déanta agat de **Bileog 12.15** do leath an ranga agus cóip déanta de **Bileog 12.16** don leath eile.
- Tabhair **Bileog 12.15** do dhuine amháin i ngach péire agus **Bileog 12.16** don duine eile.
- Cuid A: Mínigh dóibh go bhfuil an mapa céanna ag gach beirt leis na háiseanna céanna ar an mapa: séipéal, scoil agus páirc.
- Scríobh thusa na gnátháiseanna eile a bhíonn i mbaile in Éirinn ar an chlár dubh.
- Abair leo go gcaithfidh siad na háiseanna atá scríofa ar an chlár dubh a mharcáil ar an mhapa atá acu féin (ná bíodh níos mó ná deich gcinn ann) le X. Mínigh dóibh nach mbeidh san áit chéanna acu ach an séipéal, an scoil agus an pháirc.
- Cuid B: Tá ar na foghlaimeoirí anois a fháil amach cá háit a bhfuil na háiseanna ar mhapa an duine eile trí cheisteanna a chur ar nós na gceisteanna atá tugtha faoi Chuid B. Arís, caithfidh siad cloí leis an liosta áiseanna a chuir tusa ar fáil dóibh.
- Níl cead acu na mapaí a thaispeáint dá chéile go dtí go bhfuil áiseanna an duine eile scríofa isteach acu.
- Nuair atá áiseanna an duine eile ar fad marcáilte ag gach duine ar a mhapa féin is féidir le gach beirt a mapaí a thaispeáint dá chéile, le feiceáil an raibh an ceart acu.
- Cuir thusa ansin ceist ar chúpla duine cá háit a bhfuil na háiseanna éagsúla ar an mapa atá acu féin.